



An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12876/25

ENV 846
ENER 443
IND 353
DELECT 131

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	16 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 493 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar cumhacht í a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir (AE) 2015/2193 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí truaileán áirithe san aer ó ghléasraí dócháin meánmhéide a theorannú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 493 final.

Faoi iamh: COM(2025) 493 final



An Bhruiséil, 16.9.2025
COM(2025) 493 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar
cumhacht í a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir (AE) 2015/2193 ó Pharlaimint na
hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí truailléan áirithe san aer ó ghléasraí
dócháin meánmhéide a theorannú**

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS

CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar cumhacht í a thugtar don Choimisiún de bhun Threoir (AE) 2015/2193 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí truailleán áirithe san aer ó ghléasraí dócháin meánmhéide a theorannú

1. RÉAMHRÁ

Cuireadh creat rialála i bhfeidhm le Treoir (AE) 2015/2193⁽¹⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 chun astaíochtaí dé-ocsaíde sulfair (SO₂), ocsaídí nítrigine (Nox)_{,x}, agus deannaigh san aer ó ghléasraí dócháin meánmhéide a theorannú. Is é is aidhm di na rioscaí a bhaineann le sláinte an duine agus leis an gcomhshaol a laghdú. Leagtar síos leis an Treoir sin freisin rialacha chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí aonocsaíde carbóin (CO). Le hAirteagal 13 den Treoir sin, ceadaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na forálacha maidir le measúnú ar chomhlíontacht a leagtar amach i bpointe 2 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn III a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Tugtar aghaidh in Airteagal 14 ar an nós imeachta agus na coinníollacha faoina mbronntar an t-údarás ar an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. BUNÚS DLÍ

Ceanglaítear an tuarascáil sin faoi Airteagal 14(2) de Threoir (AE) 2015/2193, lena dtugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana ón 18 Nollaig 2015 agus ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligeán na cumhachta sin. Déantar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. Luaitear in Airteagal 14(3) go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta a chúlghairm tráth ar bith.

Ghlac an Coimisiún an tuarascáil roimhe seo⁽²⁾ maidir le feidhmiú tharmligeán na cumhachta a tugadh dó maidir le Treoir (AE) 2015/2193 an 3 Lúnasa 2020. Tuairiscíodh nár ghlac sé aon ghníomh tarmligthe agus iarradh ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle é sin a thabhairt dá n-aire.

3. AN TARMLIGEÁN A FHEIDHMIÚ

Tuairiscíonn an Coimisiún nár ghlac sé gníomhartha tarmligthe le 5 bliana anuas (2020 – 2025), i bhfianaise (i) chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/2193 le déanaí le haghaidh roinnt dá

⁽¹⁾ IO L 313, 28.11.2015, lch. 1.

⁽²⁾ eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020DC0351.

forálacha⁽³⁾ ; agus (ii) na heaspa faisnéise maidir le dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a bhaineann leis na forálacha a leagtar síos i bpointe 2 de Chuid 2 d'Iarscríbhinn III maidir le measúnú ar chomhlíontacht na luachanna astaíochtaí arna dtomhas le teorainnluachanna astaíochtaí i gcás na dtomhas leanúnach.

4. CONCLÚID

Le 5 bliana anuas (2020 – 2025), níor fheidhmigh an Coimisiún na cumhachtaí tarmhligthe a tugadh dó faoi Threoir (AE) 2015/2193. Iarrann sé ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

⁽³⁾ Caithfear cloí le teorainnluachanna astaíochtaí a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir ón 1 Eanáir 2025 le haghaidh gléasraí atá ann cheana a bhfuil ionchur teirmeach rátaithe níos mó ná 5 MW acu agus ón 1 Eanáir 2030 ar aghaidh le haghaidh gléasraí a bhfuil ionchur teirmeach rátaithe acu atá cothrom le 1 MW nó níos mó ná sin agus níos lú ná 5 MW nó cothrom leis sin.